

☼ An Lúibín ☼

18 Lúnasa 2008

CÉIM CHUN TOSAIGH AG NOS*, IRIS CHOMHAIMSEARHTHA GHAEILGE

Tá feachtas tosaithe ag an iris stíl bheatha Ghaeilge, *nós**, chun leagan clóite a fhoilsiú. Seoladh an iris ar líne i Márta 2008 agus ó shin i leith chuaigh an t-ábhar comhaimseartha agus an dearadh an-tarraingteach i bhfeidhm go mór ar chainteoirí Gaeilge agus Béarla araon.

Anois, agus ceithre eagrán d'ardchaighdeán foilsithe acu, tá foireann *nós** ag beartú leagan clóite a chur ar fáil, agus tá siad ag iarraidh ar phobal na teanga cabhrú leo.

Anois is féidir síntiús don leagan clóite a cheannach ag www.nosmag.com, nó le seic, agus a luaithe is a bhainfear 300 síntiúsóir amach, cuirfear an chéad eagrán eile i gcló.

“Is togra deonach é *nós** mar sin tá cabhair ónár bpobal léitheoireachta ag teastáil chun an fhorbairt shuntasach seo a chur i gcrích agus chun an iris a chur ar fáil do shaol na Gaeilge,” arsa Félim Borland, urlabhraí *nós**.

“Beidh *nós** le ceannach in ionaid éagsúla ar fud na hÉireann agus thar lear ach roimhe sin - agus chun an leagan clóite a chinntiú - ní mór dúinn 300 síntiús a fháil chun na príomhchostais a chlúdach.

“Tuigeann daoine an luach a bhaineann le hirise an-snasta a chlúdaíonn suimeanna coitianta an tsaoil agus tá muid ag súil go mór le *nós** a chur i lámha ár léitheoirí.”

Sábhálfaidh síntiúsóirí airgead ar phraghas clúdaigh na hirise, a sheolfar díreach chucu sa phost gach mí.

Beidh *nós** go fóill le léamh saor in aisce ar shuíomh idirlín na hirise.

Breis eolais:

www.nosmag.com

eolas@nosmag.com

+353 872688539

Scrúduithe Gaeilge

The Irish-language results for Éire's Leaving Cert and the North's A Levels are out. But do they tell the truth?

Dá measfá staid na Gaeilge de réir uimhir na ndaltaí a éiríonn leo sa scrúdú is airde gach bliain ba dhóigh leat go bhfuil an teanga ag teacht abhaile slán sábháilte. I mbliana rinne 55,589 dalta an Ardteist agus rinne 44,660 acu an scrúdú Gaeilge – 80% den iomlán. Rinne 13,994 dalta an páipéar ardleibhéil i mbliana: ghnóthaigh 13% acu grád A agus ghnóthaigh 82% acu grád idir A agus C – d'éirigh leo, i bhfocail eile. Maidir leis an scrúdú gnáthleibhéil, rinne 25,820 dalta an páipéar, fuair 74% grád idir A agus C agus fuair 19% grád D. An-toradh, a déarfá. Ach an rud nach bhfoghlaímítear le fonn imíonn sé le gaoth, agus i measc an tslua sin 'a d'éirigh leo' ba dheacair teacht ar mhórán a raibh sé ar a gcumas comhrá gearr féin a dhéanamh i dteanga na nGael.

Tá teangacha eile á múineadh agus tóir ar an bhFraincis, ós i ngreim ag an Eoraip atá Éire anois. 14,226 dalta a rinne an páipéar ardleibhéil agus ghnóthaigh 13% grád A. Fuair 73% grád idir A agus C, agus bheadh súil agat go bhfuil siad in ann a gcomhrá a dhéanamh sa chaife beag úd i Lyons.

Bhí 11,000 dalta ann agus ní dhearna siad an scrúdú ar chor ar bith. Maitear an scrúdú do mhórán daltaí anois, agus tá a lán eile ann nach gcuireann de dhua orthu féin an áit scrúdaithe a bhaint amach. Is féidir le daltaí díolúine a fháil de bharr deacrachtaí foghlama, ach, mar a deir Seán Mac Gabhann, leas-ardrúnaí Aontas Múinteoirí Éireann (TUI), éiríonn le leath na ndaltaí sin staidéar a dhéanamh ar theanga eile. Chomh maith leis sin, is minic a fhanann na daltaí céanna sa rang Gaeilge, rud a d'fhéadfadh díograis an fhuílligh a mhaolú.

Is fiú súil a chaitheamh ar thorthaí na Gaeilge thuaidh.¹ Rinne 30,020 dalta an Leibhéal A i mbliana agus ní dhearna ach 246 duine acu Gaeilge. Is léir gur treise an tsuim atá ag na cailíní sa teanga - rinne beagnach dhá uair níos mó acu an scrúdú ná na buachaillí. Níl an teanga ina hábhar éigeantach don GCSE ná don leibhéal A, ach is suimiúil an léiriú é ar chúrsaí sochtheangeolaíochta sa Tuaisceart gur ábhar éigeantach í don chéad bhliain nó do na chéad trí bliana ina lán meánscoileanna Caitliceacha. Ní fiú lena bhformhór, mar sin féin, leanúint di go dtí deireadh an chúrsa, cé go bhfuair 57% de dhream na Gaeilge Grád A sa Leibhéal A i mbliana.

Mar chomparáid i dtaca le líon daltaí de, rinne 714 dalta Fraincis, rinne 164 dalta Gearmáinis agus rinne 440 dalta Spáinnis.



Atheangaireacht

The European dimension of Irish widens with a new MA.

Tá uirlis de chuid mhaorlathas an Aontais Eorpaigh á déanamh den Ghaeilge de réir a chéile, agus MA Ateangaireacht Chomhdhála ar fáil anois ó Acadamh na hOllscolaíochta. An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta atá ag soláthar an airgid.

Baineann an clár leis an gCéim Mháistreacht Eorpach in Ateangaireacht Chomhdhála, céim atá ar fáil sa chuid is mó den AE. Mar chuid den chlár Gaeilge tabharfaidh na mic léinn seachtain i gCoimisiún na hEorpa agus i bParlaimint na

¹ Féach píosa le Colm Ó Broin ar *Lá Nua*, 15/8/08.

hEorpa chun eolas a fháil ar mhodhanna oibre na n-ateangairí comhdhála thall. An té arb áil leis Fraincis a fhoghlaim freisin (agus níl an tritheangachas coitianta i measc Gaeilgeoirí oilte) beidh faill aige le dianchúrsa Fraincise a dhéanamh i bPáras le cúnamh scoláireachta. Dúirt an tAire gurbh é leas na teanga agus na mic léinn araon réimse Eorpach oibre a bheith ar fáil trí Ghaeilge. B'fhéidir leis a rá freisin, dá mba mhian leis, gur cuid de mheánaicmiú na teanga atá le feiceáil anseo.

Cúrsa gan táille is ea é, a bhuíochas sin ar an maoiniú a tháinig ó Údarás na Gaeltachta. Is í Siobhán Ní Chualáin bean an eolais agus teacht uirthi ag aistriuchan@oegaillimh.ie.



Mánuat an tslada

The great Irish seminary of Maynooth played its part in the destruction of the Irish language in the 19th century, chiefly by ignoring the language altogether, though many of those who went there were native speakers. One of them was Peadar Ó Laoghaire, who later became a champion of the language. He describes in his autobiography how the seminary also destroyed the health of its students.

Cé léann an tAthair Peadar na laethanta seo? Tá sé ró-learnh (ach amháin in *Séadna*), ró-shagartúil, ró-Mhuimhneach. Ar éigean ab fhéidir leis a bheith chomh séimh, neamhshuimiúil is a nochtar dúinn é ina dhírbeathaisnéis; tá leid ansiúd is anseo go raibh duine taghdach treorach tréitheach ceilte faoin bpearsantacht phoiblí. Scríobh sé scéal a bheatha féin, ábhar a d'fhéadfaí a bheith fíorspéisiúil ach a bhfuil cuid mhaith de múchta le foclachas agus le sean-nathanna cráifeacha. Tá éifeacht leis an gcuntas a thugann sé ar an nGorta, agus tá rudaí gan lua le tuiscint as cuid eile den scéal, ach diúltaíonn sé a aigne a léiriú go grinn agus go domhain, rud nach dtaitníonn leis an nglúin atá anois ann.

I Mánuat a fuair an tAthair Peadar a chuid oiliúna mar shagart, áit ar chuir sé aithne ar bhuaichaillí 'ná raibh aon fhocal Gaolainne acu'. Rinne sé (mar a deir sé) a dhícheall ar dtús greim a choinneáil ar a chuid féin den teanga, ach ní raibh sí ina meán múinteoireachta ná ina hábhar scoile ann, agus ní raibh suim ag a chompánaigh inti, cé gur dócha go raibh scata maith cainteoirí dúchais ina measc. Chaill sé a mhisneach ach rinne sé athchomhairle, más fíor, nuair a bhuaíl sé le Seán Mac Éil, Ard-Easpag Thuama, fear a bhí ar an mbeagán eaglaiseach a bhí i bhfabhar na Gaeilge. Déanann an tAthair Peadar rud sollúnta den ócáid – saghas iompú creidimh.

Cé is moite de neamhchleachtadh na Gaeilge is dócha go raibh an tAthair Peadar sásta go maith le saol Mhánuat, áit a raibh comhluadar cuí aige agus a sháidh de bhia (cé nár oir an bia céanna do ghoile gach duine). Ach tugann sé léargas ar ghné den saol sin nach luaitear go minic – drochshláinte na scoláirí tuaithe. Is ábhar suntais é baol an bháis agus an soirbhíochas sagartúil a bheith ag teacht salach ar a chéile, coimhlint a léirítear go maith sa scéal a leanas, in éineacht leis an rancás allasúil is dual do stócaigh. Fágтар cuntas an Athar Peadar ina chanúint dhúchais anseo, rud a chuireann le blas an scéil.²

Chuaigh buachaillí breátha móra láidre isteach ann an bhliain chéanna do chuas-sa isteach. Chomh luath agus bhí bliain caite istigh acu bhí cuid acu seirgthe go maith. Nuair a théidís abhaile i gcaitheamh ráithe an tSamhraidh do chuiridís an fheoil suas arís agus thagadh a neart dóibh. Ach d'imíodh an fheoil agus an neart arís nuair a bhídís roinnt aimsire tar éis teacht thar n-ais. Nuair a bhíodh deireadh na haimsire caite agus iad ag dul amach 'na sagartaibh críochnaithe bhíodh na cnámha lom go maith acu go léir, go mór mór ag an gcuid acu do tógadh ar an dtuath. An chuid acu do tógadh sna na sráideannaibh nó sna bailtibh móra, ní ghoilleadh an áit istigh chomh mór in aon chor orthu. Ní bhíodh an neart iontu, ó thosach, a bhíodh sna

² Tá leagan caighdeánaithe de *Mo Scéal Féin* le fáil, ach baineadh an sliocht seo as an mbunegrán: *Mo Sgéal Féin*, an tAthair Peadar Ua Laoghaire, Brún agus Nualláin, Baile Átha Cliath 1915. Ní dhearnadh ach an litriú a athchóiriú beagán.

tseandálaíocht a bhaineann le hidirtheagmháil na mBundúchasach agus nEorpach le chéile agus ní dhearnadh taighde ar bith ar sheandálaíocht na gcomhrac teorann.

Ar chósta lárnach Queensland tá mórán foinsí staire a bhaineann leis na comhraic idir Bundúchasaigh agus Eorpaigh, go háirithe dialanna lámhscríofa, cuimhní cinn ar shaol na ‘gceannródaithe’ agus cuntais nuachtáin. Ar an dóigh chéanna, a deir Barker, is minic béaloideas faoi na sléachtanna le cloisteáil mar chuid de chuntas comhaimseartha na mBundúchasach ar an am a chuaigh thart – cuntas nach dtugtar mórán airde air. De bharr an tsaghas eolais atá ann, cuid mhaith di i gcáipéisí príobháideacha nach raibh le foilsiú nó i gcáipéisí oifigiúla agus i nuachtáin, is beag nach fianaise dhobhréagnaithe í ar cé chomh forleathan agus cé chomh dian is a bhí an lámh dhearg á himirt ar Bhundúchasaigh sa réigiún. Is é atá ag teastáil anois lorg seandálaíoch atá chomh suntasach céanna.

Deir Barker nach mbeadh súil agat le sléachtanna móra ná le huaigheanna sluaite de bharr na gcomhrac seo. Mionmharú a bhí i gceist, agus é de nós ag na hEorpaigh agus ag na Póilíní Bundúchasacha⁴ ruathar a dhéanamh ar champaí agus daoine a lámhachadh fad is a bhí siad sin ag teitheadh, i dtreo nach mbíodh á marú in aon áit nó ag aon am ach scata beag. Chuirtear na coirp de réir na sean-nósanna nó dhóidh luacht a maraithe iad, agus is beag iarsma a bheadh le fáil ina ndiaidh.

Tá cuimhne láidir ag formhór na bpobal Bundúchasach fós ar shléachtanna mar chuid dá stair, rud a thugann léargas ar fhírinne an scéil agus ar an drochrian a d’fhág cuimhne an áir ar Bhundúchasaigh riamh ó shin. Ach tríd is tríd, mar a deir Barker, tá siad siúd go mór i gcoinne cnámha na seandaoine a bhaint aníos, go háirithe cnámha daoine a maraíodh de bharr comhrac teorann.

Ní gá gur slaodmharú amháin in aon áit amháin a bheadh i gceist agus daoine ag cuimhneamh ar an scéal. B’fhéidir gur ag cuimhneamh ar a lán imeachtaí difriúla a bheifí agus baint chasta ag na himeachtaí sin le chéile.

Is iomaí brí is féidir a bheith le ‘háit’ dá bharr agus tagairt á dhéanamh don áit ar tharlaigh an fóreigean, don áit ar cuireadh an duine faoi dheireadh, agus do ghnéanna níos forleithne den ‘áit’ agus den tír maidir le scéalta cruthaíochta agus leis an Taibhreamh.⁵

Luann Barker na háiteanna ‘contúirteacha’ in oirthuaisceart na tíre a samhlaíonn na Bundúchasaigh le tubaistí, le hár, le draíocht agus leis an osnádúr iad. Ag na seanóirí amháin atá láneolas faoi na rudaí seo.

Deir Barker, más áil le seandálaithe taighde ar fónamh a dhéanamh ar ar fhág na comhraic theorann ina ndiaidh, gur chóir dóibh aird a thabhairt ar réimse sóisialta níos leithne, rud a ligfeadh dóibh breis rudaí a chur san áireamh.

Ní foláir na pointí a mharcáil ar dtús mar a leanas: beairicí agus campaí na bPóilíní Dúchasacha Capall; campaí Bundúchasacha láimh le bailte nó le tithe; botháin aoirí, áiteanna a mbíodh campaí móra Bundúchasacha, agus áiteanna eile atá le fáil sa bhéaloideas. Ansin is féidir áiteanna áir a aithint agus a shuíomh. Má shocraítear na teorainneacha ar an dóigh seo, is féidir fianaise a lorg taobh istigh díobh – seanurchair nó déantúsáin Eorpacha eile.



⁴ Earcaíodh agus traenáladh roinnt Bundúchasach faoi cheannas oifigeach bán chun smacht a chur ar na treibheanna ‘fiáine’. D’éirigh leis na húdaráis cúl le cine a chothú sa chás seo: dá ndrong féin a bhí na póilíní sin dflis agus iad ag ionsaí treibheanna nach raibh aon ghaol acu leo.

⁵ Barker, lch 11. Déanann an focal *Taibhreamh* tagairt don intinn is cuí chun dul amach ar dhiamhair na cruthaíochta.

An spiorad folaigh

The Chinese government finds it impossible to repress movements which promise things the state cannot provide.

Falun Gong, na heaglaisí rúnda, Búdachas na Tibéide – is é an nasc atá eatarthu seo go léiríonn siad rud nach féidir le Rialtas na Síne a fhulaingt ná a mhúchadh: neamhspleáchas aigne agus é á chur i ngníomh. Is ceart do na húdaráis eagla a bheith orthu rompu, go fiú más furasta a aithint go bhfuil formhór mór na ndaoine an-sásta leis an só saolta atá ar fáil acu anois nó atá geallta dóibh – só a sháraíonn anró na sinsear.

Falun Gong an namhaid is mó atá ag an Rialtas, agus rud á thairiscint acu nach bhfuil ar chumas an Rialtais a sholáthar – suaimhneas aigne agus anama, beag beann ar shaibhreas nó ar bhochtanas. Tá fealsúnacht an dreama seo ina meascán den Taochas, den Bhúdachas agus (mar a déarfadh mórán) den fhantaisíocht, agus deir lucht a cleachta go ndéanann sí ‘daonna’ iad. Is minic an dream sin ar a gcoimeád, iad ag déanamh cibé giotaí oibre atá le fáil (Béarla a mhúineadh, b’fhéidir), ag brath ar fhéile agus ar charthanas a gcairde agus a gcomharsan, agus ag seachaint na ruathar. Tá mórán eile ann, gan dabht, nach bhfuil amhras ag na húdaráis orthu, agus cuid acu iad ina bhfeidhmeannaigh den Pháirtí féin. Cibé dealramh poiblí is rogha leo, tá siad naimhdeach ó chroí do mheon an Pháirtí agus ní le grá don chaipitleachas é: tá an Páirtí féin tugtha don bhrabúsaíocht agus don fhiontraíocht anois. Is féidir Falun Gong a chur faoi chois ach ní féidir iad a dhíothú; is cosúil gur i neart atá siad ag dul, agus iad á gcothú ag dúchas ársa spioradálta (agus draíochtúil) na tíre féin.

Tá na milliúin Críostaí sa tSín; Caitlicigh is ea cuid mhaith acu, agus mórán acu ag baint leis an gcuid neamhoifigiúil den Eaglais – an chuid a ghéilleann don Phápa seachas don Stát. Tá Eaglais ‘oifigiúil’ ann a bhfuil cead aige feidhmiú agus í á faire ag na húdaráis; ní foláir do na sagairt neamhoifigiúla freastal go rúnda ar a bpobal, iad ag siúl na tíre faoi bhréagriocht chun Aifreann agus faoistin a éisteacht. Níl an fuath céanna ag na húdaráis do na heaglaisí rúnda is atá acu d’Fhalun Gong, ach ba bhreá leo iad a chur faoina gcuing féin.

Sa Tibéid agus sna réigiúin Shíneacha ina labhraítear Tibéidis tá an Búdachas fite fuaite i bhféiniúlacht na ndaoine, cé gurbh fhearr leis na húdaráis leagan de a ghéillfeadh go hiomlán don Stát. Léiríonn na Tibéadaigh a gcuid cráifeachta le comharthaí glíce caolchúiseacha – pictiúir cheilte den Dalaí Láma, neamart a dhéanamh in íomhánna áirithe eile, urnaithe áirithe a rá de chogar. I mainistreacha éigin, mar shampla, ní mór grianghraif a thaispeáint den aonú *Panchen Lama* dhéag, Gyaltzen Norbu, duine ar cheap na Síne é agus a bhfuil dímheas éigin air dá bharr.⁶ Is minic a cuirtear pictiúr eile ina áit – ceann den Láma a bhí ann roimhe agus a raibh meas ag mórán air. Uaireanta ní dhéantar an ghnáthofráil a chur faoi íomhá an fhir nua.

Ón taobh tuatach de, tá glúin de Thibéadaigh óga ann a cuireadh ar scoil sa tSín de bharr clár speisialta a cuireadh ar bun sa bhliain 1985, agus a bhfuil an-taithí acu ar an Idirlíon. Baineann siad feidhm as chun féiniúlacht Thibéadach na haoise nua a chur in iúl, agus ar shuíomh amháin ba léir go rabhthas míshásta leis na ceannairí Tibéadacha atá anois ann. Ní dhearmadann na daoine óga seo na ceantair Thibéadacha a ceanglaíodh den tSín agus atá lasmuigh den teorainn oifigiúil.⁷ Dá laghad é a n-eolas ar an mBúdachas, tá a lorg le haithint orthu agus ar an dtuiscint atá acu ar a ndúchas.

B’fhéidir go mbogfaí greim an Pháirtí ar an gcumhacht amach anseo, mar a tharla sa Rúis. Ach san Aontas Sóivéideach chaill na Cumannaigh an cluiche toisc go raibh an geilleagar ag cliseadh. Sa tSín is é an Páirtí a lig don gheilleagar bláthú. Eagraíocht eadrána anois í a ligeann do dhreamanna difriúla a leas a dhéanamh ar choinníoll nach ndéantar díobháil do

⁶ Tá an Láma seo ar an mbeirt mhanach is airde céim; níl os a chionn ach an Dalaí Láma.

⁷ Féach alt leis an scoláire Astrálach Jen Couch, ‘Turning The Bloodwheel,’ *Arena Magazine*, Number 95, June-July 2008.

leas an Pháirtí féin, agus braitheann an leas sin ar an smacht. Maire don té a thugann dúshlán an smachta sin, ach maire don rialtas a mheasann gur féidir an dúshlán sin a shárú.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to ColinG.Ryan@ato.gov.au